

Léargais ó ARCC: Comhlachtaí atá le díscaoileadh nó le cumasc

Lúnasa 2022

Forbraíodh an nóta teorach seo chun cabhrú leis an lucht bainistíochta agus leis na daoine atá freagrach as an rialachas ar chomhlacht atá á dhíscaoileadh nó á chumasc maidir le rioscaí ina dtimpeallacht rialaithe a bhainistiú agus leis an tuairisciú airgeadais freisin.

Léargais ó ARCC: Comhlachtaí atá le díscáoileadh nó le cumasc AI2

Lúnasa 2022

Ó am go chéile, féadfaidh an Rialtas nó Airí cinneadh a dhéanamh athruithe a chur leis an mbealach ina soláthraítear seirbhísí poiblí lena bhfágтар go mbíonn gá le stádas comhlachta phoiblí a athrú trí é a dhíscáoileadh nó a chumasc le heintiteas eile.

Nuair a bhunaítear comhlachtaí le reacht, bíonn gá le leasú ar an reachtaíocht, de ghnáth.

Is minic a eascróidh dúshláin maidir leis an tuairisciú airgeadais agus riosca méadaithe d'oibriú éifeachtach rialuithe an chomhlachta as cinní a dhéantar chun comhlachtaí a dhíscáoileadh nó a chumasc.

Tá faisnéis áisiúil le fáil sa treoir seo don lucht bainistíochta agus do na daoine atá freagrach as an rialachas maidir le rioscaí ina dtimpeallacht rialaithe a bhainistiú, chomh maith leis an tuairisciú airgeadais, a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcásanna dá leithéid. Mínítear ann freisin réimsí ar dóigh go ndíreofar orthu agus go dtabharfar aird orthu in iniúchtaí.

Léargais iniúcháireachta

Tá an treoir seo mar chuid de chlár oibre chun deiseanna foghlama do chomhlachtaí a shainaithint agus a roinnt trí fhaisnéis a sholáthar ar shaincheisteanna coitianta a bhíonn ann arís agus arís eile, chomh maith le samplaí den dea-chleachtas, arna sainaithint trínár n-obair iniúcháireachta agus tuairiscithe airgeadais.

Comhlachtaí poiblí a dhíscáileadh nó a chumasc

An réasúnaíocht leis an díscáileadh/cumasc

Is gnách go n-eascraíonn díscáileadh comhlachta phoiblí neamhráchtála nó a chumasc le heintiteas eile ó chinneadh ón Rialtas athchóiriú a dhéanamh ar chineál nó ar shásra soláthar seirbhísí poiblí nó clár poiblí nó clár phoiblí ar leith.

Is féidir le hathchóirithe eascairt as raon leathan imthosca, lena n-áirítear

- i gcás go bhféadfaí feidhmeanna a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla nó níos éifeachtaí trí chomhlacht/comhlachtaí poiblí eile
- i gcás nach bhfuil feidhmeanna nó clár ag teastáil a thuilleadh nó go bhfuil siad críochnaithe go nádúrtha
- i gcás go gcinneadh feidhmeanna nó gníomhaíochtaí áirithe de chuid an chomhlachta a bheith ar neamhréir le cinn eile agus nach mór iad a scaradh.

Rud nach dtarlaíonn chomh minic sin, féadfaidh an Rialtas comhlacht poiblí a phríobháidiú nó cinneadh a dhéanamh gur fearr a dhéanadh an eanáil phríobháideach a fheidhmeanna a sholáthar.

I gcás gur faoin rialtas atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le díscáileadh, ullmhóidh an tAire iomchuí Meabhrán don Rialtas ina leagfar amach an réasúnaíocht bheartais agus an príomhfhaisnéis a bhaineann leis an togra sin. Nuair a dhéanfaidh an Rialtas cinneadh, beidh taifead foirmiúil (Cinneadh Rialtais) ann ina leagfar amach príomhghnéithe an chinnidh.

I gcásanna eile, féadfaidh an tAire a bheith freagrach as an gcinneadh agus cás gnó a ullmhú.

An bonn dlíthiúil le díscáileadh/cumasc

Toisc go bhfuil formhór na gcomhlachtaí arna n-íniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARCC) bunaithe le reachtaíocht, beidh reachtaíocht phríomha nó thánaisteach ag teastáil le haghaidh aon chinneadh chun comhlacht a dhíscáileadh nó a chumasc¹. De ghnáth, beidh na príomheilimintí seo a leanas ag baint leis an reachtaíocht sin

- ceanglas maidir le hullmhú an chuntais deiridh, lena n-áirítear an tréimhse chuntais
- socrúithe iniúcháireachta don chomhlacht atá le díscáileadh nó le cumasc
- feidhmeanna a aistriú chuig comhlacht nua nó chuig comhlacht eile, lena n-áirítear sannadh foirmiúil freagrachta as cuntas deiridh an chomhlachta dhíscáilte/chumaiscthe a ullmhú agus a chur i láthair
- aistriú foirne (lena n-áirítear socrúithe pinsin)

¹ Is gnách go ndíscáilfear ceann amháin de na comhlachtaí go dlíthiúil nuair atá cumaisc á ndéanamh.

- aistriú talún agus maoinne eile, aistriú ceart agus dliteanas, caomhnú conarthaí, etc.
- aistriú taifead
- forálacha de dhroim feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig comhlacht eile amhail leanúnachas idirbheart gnó nó comhlíonadh gealltanais a rinneadh roimh an díscaoileadh
- dáta an díscaoilte (go hiondúil, bíonn an chumhacht ag an Aire an dáta a shocrú le hordú faoin reachtaíocht).

Cuideachta a dhíscaoileadh

I gcás go bhfuil an comhlacht bunaithe faoi dhlí na gcuideachtaí (gan aon reachtaíocht phríomha eile), beidh feidhm ag forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le leachtuithe². Is é an cineál leachtaithe is coitianta san earnáil phoiblí neamhráchtála ná foirceannadh deonach comhaltaí, áit a ndéantar an foirceannadh i gcomhréir leis an Nós Imeachta Formheasta Achomair³.

Nuair atá an próiseas foirceanta tosaithe, níl aon cheanglas ann ráitis airgeadais a ullmhú lena n-iniúchadh. Ina ionad sin, ceanglaítear le forálacha an Achta ar na stiúrthóirí dearbhú a dhéanamh laistigh de thréimhse fhorordaithe ar iomlán shócmhainní agus dhliteanais na cuideachta. Ní mór tuarascáil san fhormaid fhorordaithe ón iniúchóir a bheith ag gabháil leis an dearbhú sin, rud ina luaitear cibé acu an bhfuil an “dearbhú míréasúnach” ina thuairim féin nó ina tuairim féin.

Rioscaí a eascraíonn as díscaoileadh/cumasc

Rioscaí ginearálta a eascraíonn as díscaoileadh/cumasc

Bíonn rioscaí agus dúshláin éagsúla os comhair comhlacht atá le díscaoileadh nó le cumasc. D’fhéadfadh go n-áireofaí orthu ábhair chasta ar nós saincheisteanna dlí, caidreamh tionsclaíoch, leanúnachas oibríochtaí agus saincheisteanna airgeadais.

Tá an doiciméad treorach seo dírithe ar rioscaí do rialuithe airgeadais agus don tuairisciú airgeadais amháin.

Áirítear ar chuid de na saincheisteanna is suntasaí atá tagtha chun cinn do chomhlachtaí a ndearna ARCC iniúchadh orthu

- An fad ama chun an díscaoileadh a chríochnú agus a thabhairt chun críche
- An mhoill ar na cuntais deiridh a ullmhú

² Tá forálacha leagtha amach san Acht freisin maidir le cuideachta atá le cumasc le cuideachta eile.

³ Caibidil 7 de Chuid 4 den Acht.

- Taifid neamhleora nó neamhiomlána
- Easpa soiléire maidir le freagrachtaí
- Easpa díchill chuí maidir le rioscaí dlíthiúla nó saincheisteanna rialála a mheasúnú⁴.

Trí bhainistíocht chúramach a dhéanamh ar an bpróiseas díscáilte, lena n-áirítear sannadh soiléir freagrachtaí agus imfháilú acmhainní cuntasaíochta, thabharfaí aghaidh ar an gcuid is mó de na saincheisteanna sin.

Bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as díscáileadh/cumasc

Chomh maith leis na saincheisteanna sin, tá roinnt rioscaí eile rialaithe airgeadais agus tuairiscithe airgeadais ann a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Tá samplaí leagtha amach thíos de na rioscaí sin, mar aon le ceisteanna a d'fhéadfadh an lucht bainistíochta nó na daoine atá freagrach as an rialachas breithniú a dhéanamh orthu agus aghaidh á tabhairt orthu.

Riosca eiseamláireach	Pointí fócas bainistíochta
An leanann an timpeallacht rialaithe le feidhmiú ar bhealach éifeachtach?	<p>Uaireanta, nuair a dhéantar cinneadh comhlacht a dhíscáileadh/a chumasc, is féidir tionchar diúltach a bheith aige sin ar an timpeallacht rialaithe (e.g., easpa spreagtha ón lucht bainistíochta/foireann, rud as a n-eascraíonn teipeanna rialaithe).</p> <p>D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na saincheisteanna atá le breithniú</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ An raibh cumarsáid éifeachtach a bhí comhsheasmhach agus oiriúnach ag barr na heagraíochta agus ar fud na heagraíochta ann? ➤ An bhfuil soiléire freagrachtaí ann idir an bord atá ag dul as oifig agus an bord nua (nó a choibhéis)? ➤ An leanann an lucht bainistíochta agus na daoine atá freagrach as an rialachas le monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe ar feadh na tréimhse? ➤ An bhfuil níos mó scóipe ann don lucht bhainistíochta na rialuithe a shárú? ➤ Ar leanadh le hobair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí suas go dáta an díscáilte? ➤ An leanann gníomhaíochtaí rialaithe aonair le feidhmiú ar bhealach éifeachtach (e.g., athruithe foirne nó imeachtaí foirne arb é an toradh atá orthu go bhfuil baill foirne ionaid neamheolach ar phríomhrialuithe nó nach n-athraítear iad ar chor ar bith, rud as a dtagann easpa rialuithe nó leithscaradh dualgas lag)?

⁴ I gcás gur eintreas rialáilte cosúil le carthanas é an comhlacht atá á dhíscáileadh, d'fhéadfadh go mbeadh saincheisteanna ar leith le plé leis an rialálaí mar chuid den díscáileadh. Ba cheart don chomhlacht dul i dteagmháil ar bhonn tráthúil leis an rialálaí iomchuí nó le húdaráis cuí eile ar nós na gCoimisinéirí Ioncaim.

Riosca eiseamláireach	Pointí fócas bainistíochta
<p>An bhfuil plean foirceanta/aistrithe gnó curtha le chéile agus curtha i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta?</p>	<p>Is próiseas casta é comhlacht a dhíscaoileadh nó é a chumasc le comhlacht gaolmhar eile, ar rud é a bhfuil páirtithe leasmhara éagsúla páirteach ann. Mura bpleanáiltear i gceart, is féidir tionchar a bheith ann ar rath an díscailte agus ar éifeachtacht na rialuithe airgeadais.</p> <p>D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na saincheisteanna atá le breithniú</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ An bhfuil plean cuimsitheach ann chun an próiseas díscailte a bhainistiú (lena n-áirítear gníomhartha chun na rioscaí a bhainistiú)? ➤ An ndearnadh meastóireacht ar na príomhrioscaí agus na príomhdhúshláin a eascraíonn ón díscailteadh/cumasc, lena n-áirítear leordhóthanacht na foirne agus na n-acmhainní, rioscaí dlíthiúla, etc.? ➤ An bhfuil athbhreithniú déanta ar shocruithe leanúnachais gnó, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtach ar sholáthraithe/custaiméirí príomha? ➤ Cad iad na socruithe a rinneadh chun sócmhainní a aistriú, lena n-áirítear cuntais bhainc, agus chun go bhféadfadh an fhoireann dlí athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhréimsí (conarthaí, dlíthíocht gan réiteach, etc.)? ➤ An bhfuil socruithe leordhóthanacha maoirseachta i bhfeidhm? ➤ An bhfuil socruithe tuairiscithe cuí agus tráthúla i bhfeidhm do pháirtithe leasmhara?
<p>An bhfuil riosca méadaithe ann maidir le calaois nó cailteanas?</p>	<p>D'fhéadfadh méadú ar an deis, ar an spreagadh nó ar an réasúnú calaoise nuair a bhíonn comhlacht á dhíscaoileadh. Mar shampla, d'fhéadfadh deiseanna níos fearr calaoise a chruthú de bharr easnaimh sna rialuithe. Féadfaidh rioscaí den sórt sin a bheith forleathach (i.e., ar fud na réimsí airgeadais go léir) nó a bheith ag baint go sonrathach le réimse ar leith.</p> <p>D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na rioscaí ardaithe calaoise</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ d'fhéadfadh go ndearnadh rialuithe ar fud na heagraíochta chun calaois agus sárúithe cibearshlándála a chosc agus a bhrath a lagú mar gheall ar ghanntanas foirne, tosaíochtaí eile nó dícheangal soláthraithe ➤ ar bhealach den chineál céanna, d'fhéadfadh gur íosghrádaíodh ábhair inmí frithchalaoise agus comhlíonta i bhfianaise an díscailte atá le teacht ➤ d'fhéadfadh go mbeadh brú ar an bhfoireann chun beartais a chomhlíonadh agus chun rialuithe a fheidhmiú, mar shampla d'fhéadfadh baill foirne éirí as a bheith spreagtha agus níos lú grinnscrúdaithe agus maoirseachta a bheith curtha ar a gcuid gníomhaíochtaí. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh ábhair inmí airgeadais agus ábhair inmí eile a bheith ina gcúis le hairdeall a laghdú ina measc siúd atá i róil thábhachtacha maoirseachta.

Riosca eiseamláireach	Pointí fócas bainistíochta
<p>An bhfuil rioscaí sonracha cuntasáíochta nó airgeadais ann (i.e., réimsí ina bhfuil leibhéal níos airde earráide nó laige indéanta)?</p>	<p>I bhformhór na gcomhlachtaí a ndéanann ARCC iniúchadh orthu, is annamh a dhéantar coigeartuithe cuntasáíochta mar gheall ar chumasc nó díscáileadh toisc gur annamh a thagann deireadh le feidhmeanna nó gníomhaíochtaí tráth an díscáilte.</p> <p>Mar sin féin, tá rioscaí airgeadais agus cuntasáíochta ann fós nach mór iad a chur san áireamh. Tá samplaí leagtha amach thíos de na cineálacha saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ sócmhainní seasta agus/nó fardal ag dul i laige mar gheall ar an dul i léig nó athrú úsáide ➤ d'fhéadfadh go laghdódh sásraí tiomsaithe ioncaim nó billeála de bharr brúnna acmhainní nó imeachtaí foirne ➤ d'fhéadfadh go ndéanfaí cearta ar ioncam faoi théarmaí conartha a éag agus mar thoradh air sin beidh oibleagáid ann ioncam/táillí a fuarthas cheana féin a aisíoc ➤ d'fhéadfadh go n-éireodh airgead infhaighte do-bhailithe nó d'fhéadfadh nach mbainfí lánluach réamhíocaíochtaí amach ➤ d'fhéadfadh caiteachas neamhéifeachtúil a bheith mar thoradh ar ghealltanais chonartha, lena n-áirítear léasanna, nó d'fhéadfadh gealltanais éirí lena bheith ina ndliteanais ➤ d'fhéadfadh go mbeadh brú le caitheamh go tapa as a dtiocfaidh earráidí íocaíochta nó luach lag ➤ d'fhéadfadh go n-eascródh dliteanais nua ar gá soláthar a dhéanamh dóibh (e.g., nuair a comhaontaíodh clár iomarcaíochta).
<p>An bhfuil bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh fós oiriúnach?</p>	<p>Ceanglaítear ar an lucht bainistíochta agus ar na daoine atá freagrach as an rialachas na himpleachtaí gnóthais leantaigh a thagann chun cinn a mheas. I bhformhór na gcásanna, leanfar leis na feidhmeanna (e.g., aistrithe chuig eintiteas eile) agus ní thiocfaidh saincheisteanna gnóthais leantaigh chun cinn, dá réir sin. I gcásanna ina dtagann deireadh leis na feidhmeanna, tarlóidh sé, de ghnáth, go n-ullmhófar na cuntais ar bhonn foirceanta. Ní mór an tionchar ar na ráitis airgeadais a mheas mar shampla sócmhainní seasta nó fardal a luacháil.</p>
<p>An bhfuil ceadú cuí ann maidir le haistrithe foirne, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha?</p>	<p>Is féidir brú a chur ar an lucht bainistíochta mar gheall ar dhíscáileadh chun cinn a dhéanamh nach bhfuil an ceadú cuí acu ina leith agus a d'fhéadfadh a bheith neamhrialta dá réir (i.e., íocaíocht de bhreis ar theidlíocht).</p> <p>D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na saincheisteanna atá le breithniú</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ ar iarradh agus ar fuarthas ceadú cuí ón Roinn urraíochta/DPER maidir le socruithe aistrithe foirne (lena n-áirítear clár iomarcaíochta, más ann dó)?

Riosca eiseamláireach	Pointí fócas bainistíochta
	<ul style="list-style-type: none"> ➤ an bhfuil aon téarmaí aistrithe/iomarcaíochta neamhghnácha ann a d'fhéadfadh ualach breise a chur ar an státchiste? ➤ an bhfuil socruithe aistrithe pinsin ceadaithe agus doiciméadaithe? ➤ an bhfuil soláthar cuí déanta sa ráiteas airgeadais do gach costas díscailte (féach FRS 102.21 - <i>Soláthairtí agus teagmhais</i>)?
<p>An bhfuil faisnéis ábhartha curtha i láthair agus nochta go cuí sna ráitis airgeadais?</p>	<p>Mar thoradh ar dhíscailteadh nó ar chumasc, athrófar roinnt faisnéise sna ráitis airgeadais ó na gnáthnochtaí, ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar an athrú ar stádas agus ar a thionchar.</p> <p>Tugtar san aguisín a ghabhann leis an treoir seo samplaí de nochtaí dá leithéid, lena n-áirítear</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ an míniú ar na hathruithe ar fhreagrachtaí idir na daoine atá freagrach as an rialachas roimh an díscailteadh agus ina dhiaidh ➤ aon athruithe ar na beartais chuntasáíochta agus míniú orthu sin ➤ míniú ar mheasúnú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ➤ faisnéis sna nótaí leis na ráitis airgeadais ina mínítear an díscailteadh.
<p>An bhfuil socruithe cuí cuntasáíochta i bhfeidhm chun an comhlacht a dhíscailteadh?</p>	<p>Príomhghné den chuntasacht phoiblí is ea tuairisciú airgeadais tráthúil don Oireachtas. Uaireanta, bíonn brú ar an gcomhlacht an díscailteadh a chríochnú, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le neamhaird a dhéanamh ar phríomhghnéithe cuntasachta.</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ An bhfuil tréimhse chuntais deiridh chuí socraithe agus ceadaithe ag an Aire (más cuí)? ➤ Ar comhaontaíodh an spriocdháta chun an cuntas deiridh a chur isteach chomh maith leis na socruithe lena n-íniúchadh? ➤ An bhfuil soiléire ann maidir leis an mbord nó an duine atá freagrach as an gcuntas deiridh a cheadú agus a shíniú? ➤ Má cheanglaítear tuarascáil bhliantúil a chur i láthair leis an gcuntas deiridh iniúchta, ar comhaontaíodh na hamlínte leis an iniúchóir?
<p>An bhfuil an comhlacht bunaithe de bhun dhlí na gcuideachtaí?</p>	<p>Os rud é go gceapfar leachtaitheoir mar thoradh ar an gcinneadh chun cuideachta a fhoirceannadh, tá sé tábhachtach go nglacfaidh an comhlacht na céimeanna cuí roimh ré chun a chinntiú go bhfuil an próiseas chomh héifeachtach agus chomh tapa agus is féidir. Mar shampla, an bhfuil na sócmhainní agus na socruithe aistrithe eile ar fad tugtha chun críche sula gcuirtear tús leis an bpróiseas foirceanta? Mura bhfuil, d'fhéadfadh próiseas leachtaithe níos faide a bheith mar thoradh air sin, agus costais bhreise ag gabháil leis.</p>

Na ráitis airgeadais deiridh agus faisnéis eile a ullmhú

Eolas don léitheoir

Teastóidh nochtadh breise maidir leis an bhfaisnéis a ghabhann leis na ráitis airgeadais don léitheoir de bharr athruithe a eascraíonn as díscáileadh/cumasc. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an díscáileadh ar thuairisciú méideanna agus iarmhéideanna sna ráitis airgeadais.

Is iad na réimsí is coitianta a bhíonn ina gcúiseanna deacrachtaí d'ullmhaitheoirí an chuntais deiridh agus maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an léitheoir ná

- míniú ar na freagrachtaí faoi seach as na ráitis airgeadais deiridh
- míniú ar na freagrachtaí faoi seach as an gcóras rialaithe agus conas a rinneadh na freagrachtaí sin a chomhlíonadh
- míniú ar thionchar an díscáilte/an chumaisc ar na ráitis airgeadais.

Tá na saincheisteanna sin pléite ar shlí níos mine thíos, mar aon le treoir bhreise maidir le tréimhse an chuntais deiridh.

An fhreagracht as na ráitis airgeadais deiridh

Iarmhairt amháin a bhíonn ar dhíscáileadh/cumasc comhlachta is ea nach mbíonn comhaltaí an bhoird atá ag dul as oifig i seilbh oifige a thuilleadh agus nach mbíonn aon fheidhm acu maidir le hullmhú cuntas tar éis dháta an díscáilte⁵. Suas go dtí an dáta sin, bhí freagracht orthu, i measc nithe eile, as leabhair chuntais chuí a choinneáil, sócmhainní a chosaint agus calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc/a bhrath. I bhformhór na gcásanna, déantar foráil sa reachtaíocht lena ndíscáiltear an comhlacht do fhreagracht a bheith ar chomhlacht comharba nó ar Aire as an gcuntas deiridh a ullmhú.

Ní mór freagrachtaí na gcomhlachtaí comharba agus na gcomhlachtaí díscáilte faoi seach a mhíniú sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí (agus sa Ráiteas Rialachais/Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird freisin) trí idirdhealú a dhéanamh idir na nithe seo a leanas

- an fhreagracht as an ráiteas airgeadais deiridh a ullmhú (comhlacht comharba)
- na freagrachtaí as leabhair chuí a choinneáil, sócmhainní a chosaint, etc. (comhlacht díscáilte), rud a chuirtear in iúl san aimsir chaite.

Tá nochtadh samplach leagtha amach san Aguisín.

⁵ I gcásanna áirithe, agus faoi réir na bhforálacha dlíthiúla sonracha, féadfar socrúithe a dhéanamh go mbeidh freagracht idirthréimhseach nó leanúnach ag duine as rialachas an chomhlachta go dtí go mbeidh an díscáileadh tugtha chun críche.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Déantar cur síos sa ráiteas faoin gcóras rialaithe atá i bhfeidhm ar feadh tréimhse ar leith. I gcás díscailte/cumaisc, déanann an comhlacht comharba cur síos ar an gcóras a chlúdaíonn tréimhse na ráiteas airgeadais deiridh suas go dáta a gceadaithe. Deimhníonn sé nithe áirithe maidir leis an gcomhlíonadh freisin (e.g., an soláthar) nach raibh an comhlacht comharba freagrach astu ag an am. Mar sin, ní mór don chomhlacht comharba céimeanna a ghlacadh chun a bheith in ann an ráiteas a dhéanamh, mar shampla trí fhiosrúcháin a dhéanamh leis an lucht bainistíochta sa chomhlacht díscailte agus scrúdú a dhéanamh ar thuairiscí ábhartha agus ar ábhar eile.

I bhformhór na gcásanna, déanfar idirdhealú sa ráiteas idir freagrachtaí na gcomhlachtaí comharba agus na gcomhlachtaí díscailte faoi seach maidir leis an gcóras rialaithe. Ba cheart an bonn ar a bhféadfaidh an comhlacht comharba an ráiteas a dhéanamh a chur in iúl go soiléir ann, lena n-áirítear a spleáchas ar uirill ón lucht bainistíocht sa chomhlacht díscailte. Ar deireadh, ba cheart a nochtadh sa ráiteas cé a rinne an t-athbheithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus conas a rinneadh an t-athbheithniú sin.

Tá nochtadh samplach leagtha amach san Aguisín.

Ráitis airgeadais - beartais chuntasaíochta agus nochtaí cuntasaíochta

Clúdaíonn na príomhráitis airgeadais an tréimhse suas go dáta an díscailte agus an dáta sin san áireamh. Ba cheart na beartais chuntasaíochta chun ioncam agus caiteachas a aithint suas go dáta an díscailte a mhíniú go soiléir sna nótaí.

Ós rud é go n-aistrítear aon sócmhainní nó dlíteanais atá fágtha ag meán oíche ar dháta an díscailte i ndáiríre, léireoidh an ráiteas faoin staid airgeadais na hiarmhéideanna sin atá á n-aistriú (nó, i gcásanna neamhchoitianta, atá le réadú). Ba cheart an beartas chun sócmhainní agus dlíteanais a aithint agus iad siúd atá le haistriú chuig eintiteas eile (nó atá le réadú) a leagan amach ann. I gcás go bhfuil sócmhainní le haistriú, is gnách go dtabharfar “Cúlchistí – arb ionann iad agus Glansócmhainní Aistrithe go [ainm an chomhlachta comharba]” ar an gceanteideal thar na cúlchistí.

Ba cheart an díscailleadh a mhíniú go soiléir sna nótaí, chomh maith le haistrithe eile (e.g., feidhmeanna nó gníomhaíochtaí, foireann, conarthaí, gealltanais) agus forálacha maidir leis an leanúnachas (e.g., imeachtaí dlíthiúla).

Tá sampla de shleachta as sraith deiridh ráiteas airgeadais leagtha amach san Aguisín.

Tréimhse na ráiteas airgeadais deiridh

Clúdóidh na ráitis airgeadais deiridh an tréimhse suas go dtí an dáta arna shonrú le dlí le haghaidh an comhlacht a dhíscailleadh. Ceanglaítear leis an gcuid is mó den reachtaíocht ar an Aire iomchuí an dáta sin a shocrú, rud a éascaíonn solúbthacht oibríochtúil maidir le huainiú an díscailte. Fágfar, dá bharr, gur féidir an tréimhse cuntas deiridh a athrú go níos lú nó níos mó ná an ghnáthbhliain airgeadais 12 mhí.

Ó thaobh na cuntasachta poiblí de, níor cheart an tréimhse chuntasaíochta deiridh a bheith rófhada.

Na ráitis airgeadais a ullmhú i gcás gur fógraíodh an díscáileadh (i.e., ráitis nach ionann iad agus na ráitis airgeadais deiridh)

I gcás go mbeartaítear comhlacht a dhíscáileadh ach nach bhfuil an reachtaíocht achtaithe fós, ba cheart nóta ina mínítear an togra go soiléir, chomh maith leis an gcéim ag a bhfuil an reachtaíocht agus cathain a bheidh an díscáileadh sceidealta le bheith curtha i gcrích, a bheith ar áireamh sna cuntais. Ba cheart an bonn ar ar glacadh gnóthas leantach a nochtadh sa nóta, mar shampla

"De bhrí go bhfuil sé beartaithe gach feidhm, oibríocht, ball foirne, sócmhainn agus dliteanas a aistriú chuig X, creideann an [Bord nó a choibhéis] nach gá aon choigeartú ábhartha a dhéanamh ar luach seilbhe nó aicmiú na sócmhainní agus na ndlíteanas agus, dá bhrí sin, gur cuí leanúint leis na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh."

Caidreamh leis an iniúchóir seachtrach

Réimsí fócais an iniúchta

Áirítear leis an bpleanáil éifeachtach iniúchta fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le seoladh an iniúchta a aithint go tráthúil. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach nuair a bhíonn comhlachtaí á ndíscáileadh nó á gcumasc mar is minic a bhíonn dúshláin éagsúla ann, mar shampla brú acmhainní agus brú eile ar an gcomhlacht, castacht fhéideartha na reachtaíochta lena ndíscáiltear an comhlacht agus tréimhse ama níos giorra chun an t-iniúchadh a chur i gcrích.

Beidh an phleanáil iniúchta tosaigh dírithe ar na nithe seo a leanas

- tuiscint a fháil ar an réasúnaíocht a bhaineann leis an díscáileadh/cumasc, mar shampla trí scrúdú a dhéanamh ar an gcás gnó agus ar an gcinneadh
- tuiscint a fháil ar na leasuithe reachtacha is gá chun éifeacht a thabhairt don díscáileadh
- tuiscint a fháil ar mheasúnú an lucht bainistíochta nó na ndaoine atá freagrach as an rialachas ar na rioscaí a eascraíonn agus conas a rinneadh iad a bhainistiú
- i gcás scor iomlán d'fheidhmeanna nó de ghníomhaíochtaí an chomhlachta, tuiscint a fháil ar na sásraí reachtacha nó sásraí eile lena bhforáiltear do chineál éigin socruithe marthanacha (e.g., freagracht as caingne dlí atá fós gan réiteach, taifid a choinneáil).
- ullmhú na ráiteas airgeadais deiridh agus nochtadh na faisnéise breise.

Is é príomhfhócas an iniúchóra cibé acu an dtugtar sna ráitis airgeadais léargas fíor agus ceart (nó an gcuirtear i láthair i gceart iad) de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Níl iniúchadh ar chomhlacht díscáilte/cumaisc difriúil le hiniúchtaí eile, ach d'fhéadfadh rioscaí agus dúshláin bhreise iniúchta teacht chun cinn ann. Déanann an t-iniúchóir na rioscaí iniúchta a shainathint agus a mheas, bunaithe ar fhórais an cháis ar leith. Mar is amhlaidh le haon mheasúnú riosca iniúchta, is féidir le rioscaí a bheith forleathan (i.e., tionchar a imirt ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine) nó go mbaineann siad go



sonrach le réimse cuntais ar leith nó le trácht ar leith i ráiteas airgeadais. Cabhraíonn tuiscint ar chóras rialaithe inmheánaigh an chomhlachta leis an iniúchóir agus é ag sainaitheint míráiteas féideartha. I gcás díscailte, díreoidh an t-iniúchóir ar athruithe ar an timpeallacht rialaithe agus ar an gcaoi ar choinnigh an lucht bainistíochta rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm toisc go bhféadfadh rioscaí iniúchta a bheith mar thoradh ar aon easnaimh a bheadh ann. Breithníonn an t-iniúchóir freisin cibé acu an dtagann rioscaí calaoise breise chun cinn agus an chaoi a bhfuil siad sin á mbainistiú ag an gcomhlacht.

Cumarsáid a dhéanamh leis na daoine atá freagrach as an rialachas

Cuireann cumarsáid shoiléir thráthúil dhá bhealach ar chumas an iniúchóra agus na daoine atá freagrach as an rialachas araon tuiscint ar na rioscaí agus na dúshláin a eascraíonn as an díscailleadh a roinnt agus cuireann sí ar chumas na ndaoine atá freagrach as an rialachas beart a dhéanamh chun dul i ngleic le haon saincheisteanna atá ann dá réir. D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis na saincheisteanna don iniúchóir agus do na daoine atá freagrach as an rialachas araon

- faisnéis ó na daoine atá freagrach as an rialachas ar an tionchar a bhí ag an díscailleadh ar an gcomhlacht (e.g., cad iad na himpleachtaí móra airgeadais agus na tionchair ghnó lena mbaineann)
- cad é an tionchar a bhí ag an díscailleadh ar phróifíl riosca an chomhlachta (e.g., an raibh athruithe suntasacha ar a mheasúnú ar rioscaí gnó, cad iad na bearta a glacadh mar fhreagra, cé chomh héifeachtach is a bhí na freagraí, etc.)
- faisnéis ó na daoine atá freagrach as an rialachas ar aon teagmhas calaoise aitheanta nó amhrasta
- easnaimh thromchúiseacha maidir le hoibriú rialuithe (e.g., laigí nó earráidí arna sainaitheint maidir le ceapadh rialuithe nó cur chun feidhme rialuithe)
- measúnú an iniúchóra ar rioscaí iniúchta a eascraíonn agus an cur chuige iniúchta atá beartaithe
- réimsí d'ábhair imní arbh fhéidir gur mhaith leis na daoine atá freagrach as an rialachas aird a dhíriú orthu le haire ar leith a thabhairt orthu le linn an iniúchta
- tionchar an díscailte ar an bpróiseas iniúchta agus ar uainiú an iniúchta
- bearta a d'fhéadfadh na daoine atá freagrach as an rialachas a dhéanamh chun dul i ngleic le haon easnaimh maidir le tacú leis an iniúchadh.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfaidh na daoine atá freagrach as an rialachas an tionchar a bheidh ag socruithe cuntasáiochta an chomhlachta dhíscailte ar an gcomhlacht comharba agus ar na ráitis airgeadais ina dhiaidh sin a bhreithniú chun deacrachtaí cuntasáiochta agus iniúchta a sheachaint sa todhchaí. D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis na saincheisteanna ina leith sin

- Conas a dhéanfar faisnéis airgeadais a ionchorprú nó a chumasc sa chomhlacht comharba?
- Conas a dhéanfar na luachanna ar shócmhainní/dlíteanais aistrithe a chomhaontú?
- Conas a dhéanfar na méideanna comparáideacha a chur i láthair⁶?

⁶ Sonraítear in FRS 102 (PBE34.84) maidir le teaghlaim ghnó d'eintitis leasa phoiblí go ndéantar na méideanna comparáideacha a athlua trí thorthaí na tréimhse cuntasáiochta roimhe sin agus a ráiteas faoin staid airgeadais don dáta tuairiscithe roimhe sin a áireamh (tugtar figiúirí 'comhcheangailte' ar na figiúirí comparáideacha). D'fhéadfadh deacrachtaí teacht chun cinn, mar shampla i gcás gur bhain na heintitis úsáid as aicmí éagsúla caiteachais. I gcás nach bhfuil méideanna comparáideacha go hiomlán inchomparáide, ba chóir é sin a nochtadh.

Aguisín - nochtadh samplach sna cuntais deiridh

An Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

Freagrachtaí an [Chomhlachta Comharba nó an Aire]

Faoi bhun [sonraigh an reacht], ceanglaítear ar an [gcomhlacht comharba nó ar an Aire] ráitis airgeadais deiridh a ullmhú don [teideal an chomhlachta arna dhíscailleadh].

Ceanglaítear ar an [gcomhlacht comharba nó ar an Aire] na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an [gcomhlacht díscailte] le hoibriú
- a lua cibé acu a cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Freagrachtaí a raibh ar [bord an chomhlachta dhíscailte nó na daoine a bhí freagrach as an rialachas]

Bhí sé de cheangail ar [an mbord nó ar na daoine a bhí freagrach as an rialachas] taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád inar nochtadh le cruinneas réasúnach, tráth ar bith, staid airgeadais [an chomhlachta dhíscailte] agus lenar cumasaíodh dó nó dóibh a chinntiú gur chomhlíon na ráitis airgeadais [sonraigh an reachtaíocht maidir le cuntais an chomhlachta dhíscailte a ullmhú].

Anuas air sin, bhí [an bord nó na daoine a bhí freagrach as an rialachas] freagrach as sócmhainní an [chomhlachta dhíscailte] a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe [an comhlacht comharba]

Sleachta as an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach [san aimsir chaite, den chuid is mó]

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Díscaoileadh an [comhlacht díscaoilte] ar [dháta an díscaoilte] agus aistríodh na sócmhainní, na cearta, na hoibleagáidí agus na baill foirne go léir go [teideal an chomhlachta comharba nó an Aire]. Suas go dáta an díscaoilte, bhí [bord an chomhlachta dhíscaoilte nó na daoine a bhí freagrach as an rialachas] freagrach as a chinntiú go raibh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú.

Mar [bhord an chomhlachta comharba nó na daoine a bhí freagrach as an rialachas], bhraitheamar ar [e.g., uiríll ó bhainistíocht, obair Choiste Iniúcháireachta agus Riosca... an chomhlachta dhíscaoilte] agus an ráiteas seo á dhéanamh againn.

...gnéithe eile den ráiteas...

Athbhreithniú Bliantúil ar na rialuithe inmheánacha

Le linn na tréimhse suas go dáta an díscaoilte, bhí an obair a rinne [sonraigh - mar shampla POF agus an fhoireann ardcheannaireachta laistigh den chomhlacht díscaoilte] mar bhonn agus thaca leis an obair monatóireachta agus athbhreithnithe arna déanamh ag [bord an chomhlachta dhíscaoilte nó na daoine a bhí freagrach as an rialachas] ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus bhí freagracht ar [sonraigh - mar shampla POF agus an fhoireann ardcheannaireachta laistigh den chomhlacht díscaoilte] as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, trí obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus an Coiste Iniúcháireachta a rinne maoirseacht ar obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus a rinne an plean iniúcháireachta le haghaidh gach bliain a chomhaontú.

Rinne an [sonraigh cé acu a rinne an bord comharba nó an t-iarbhord é; má rinne bord comharba é, sonraigh conas a rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil] athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Sínithe [an comhlacht comharba]

Sleachta le haghaidh na ráiteas airgeadais [san aimsir chaite, den chuid is mó]

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. *Beartas chuntasaíochta*

(i) *[comhlacht] a dhíscáoilteadh*

Díscáoilteadh an [comhlacht díscáoilte] an [dáta an díscáoilte] faoin [sonraigh an píosa reachtaíochta]. Leagtar síos raon forálacha aistrithe san Acht, lena n-áirítear, i measc forálacha eile, aistriú na maoinne go léir a bhí, díreach roimh an lá sin, i seilbh [an chomhlachta dhíscáoilte] chuig an [gcomhlacht comharba]. Aistríodh cearta agus dliteanais uile an [chomhlachta dhíscáoilte] a d'eascair de bhun aon chonartha nó ghealltanais (sainráite agus intuigthe araon) a rinneadh roimh an dáta sin chuig an [gcomhlacht comharba].

Déantar foráil san Acht freisin d'aistriú fhoireann uile an [chomhlachta dhíscáoilte] chuig an [comhlacht comharba] ar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná mar a bhí acu roimhe sin.

Baineann forálacha eile atá san Acht leis an leanúnachas tar éis an díscáoilte d'aon ní a tosaíodh gan críochnú, a mhéid a bhaineann le feidhm a tugadh don [chomhlacht comharba], agus forálacha maidir le dliteanas i leith cailteanas (lena n-áirítear éilimh ar chailteanas nó gortú) a tharla roimh dháta an díscáoilte

Toisc gur aistríodh a chuid feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanas go léir chuig [an gcomhlacht comharba], ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn gnóthais leantaigh.

(ii) *Tréimhse an Chuntais agus Iarmhéideanna a Aistriú*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don tréimhse ón [dáta] go dáta an díscáoilte. Sna ráitis airgeadais, aithnítear:

- gach ioncam agus caiteachas suas go dáta an díscáoilte
- na sócmhainní agus na dliteanais uile ar dháta an díscáoilte atá leagtha amach sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais agus a aistríodh chuig [an gcomhlacht comharba] tráth an díscáoilte.

(iii) *Ráiteas faoi Chomhlíonadh*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le [sonraigh an píosa reachtaíochta] agus FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).